Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/2010

3.10.2025

**CINNEADH (CBES) 2025/2010 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an 25 Meán Fómhair 2025**

**maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2024/2192 (EUTM RCA/1/2025)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2016/610 ón gComhairle an 19 Aibreán 2016 maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 5(1) de Chinneadh (CBES) 2016/610, tá an Coiste Polaitiúil agus Slándála le rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Míleata CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) a fheidhmiú, agus údaraítear dó na cinntí ábhartha a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh, lena n-áirítear cinntí maidir le Ceannasaithe Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ina dhiaidh sin a cheapadh.

(2) An 27 Lúnasa 2024, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2024/2192 ([2]), lena gceaptar an Briogáidire-Ghinearál Nicolae-Gabriel OROS ina Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais ar EUTM RCA.

(3) An 5 Lúnasa 2025, mhol údaráis mhíleata na Rómáine go gceapfaí an Briogáidire-Ghinearál Claudiu-Mădălin TAMAŞ chun teacht i gcomharbas ar an mBriogáidire-Ghinearál Nicolae-Gabriel OROS mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM RCA.

(4) An 8 Lúnasa 2025, thacaigh Ceannasaí Mhisean an Aontais Eorpaigh leis an togra ó údaráis mhíleata na Rómáine.

(5) An 14 Lúnasa 2025, mhol Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh go gceapfaí an Briogáidire-Ghinearál Claudiu-Mădălin TAMAŞ mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM RCA ón 30 Meán Fómhair 2025.

(6) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an mBriogáidire-Ghinearál Claudiu-Mădălin TAMAŞ a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM RCA agus ba cheart Cinneadh (CBES) 2024/2192 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar an Briogáidire-Ghinearál Claudiu-Mădălin TAMAŞ mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) ón 30 Meán Fómhair 2025.

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2024/2192 a aisghairm.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 30 Meán Fómhair 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Meán Fómhair 2025.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*

*An Cathaoirleach*

D. PRONK

---

([1]) IO L 104, 20.4.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/610/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2024/2192 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 27 Lúnasa 2024 maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2023/2112 (EUTM RCA/1/2024) (IO L, 2024/2192, 7.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2192/oj).